



An Bhruiséil, 20 Nollaig 2022  
(OR. en)

15867/22

ENT 172  
MI 926  
CHIMIE 102  
ENV 1279  
SAN 658  
IND 548  
COMPET 1014

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2022) 8854 final
Ábhar:	MOLADH ÓN gCOIMISIÚN an 8.12.2022 lena mbunaítear creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair 'atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh'

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 8854 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 8854 final



An Bhruiséil, 8.12.2022  
C(2022) 8854 final

## **MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.12.2022**

**lena mbunaítear creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair ‘atá  
sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’**

# MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

an 8.12.2022

**lena mbunaítear creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip<sup>1</sup> ceithre sprioc bheartais idirnasctha maidir leis an aistriú chuig geilleagar agus sochaí inbhuanaithe: aeráidneodracht, cosaint na bithéagsúlachta, geilleagar ciorclach agus uailmhian maidir le truailliú nialasach le haghaidh timpeallacht saor ó thocsaineach.
- (2) Is é is aidhm do straitéis an Aontais maidir le maoiniú inbhuanaithe<sup>2</sup> tacaíocht a thabhairt chun an t- aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú.
- (3) Leagtar amach sa Rialachán Tacsanomaíochta<sup>3</sup> ceithre choinníoll nach mór do ghníomhaíocht eacnamaíoch a chomhlíonadh chun a bheith cáilithe mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Leagtar amach ann freisin sé chuspóir chomhshaoil, lena n-áirítear an t- aistriú chuig geilleagar ciorclach agus cosc agus rialú ar thruailliú ar cheann díobh.
- (4) Sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht – i dTreo Timpeallachta Saor ó Thocsaineach<sup>4</sup> (an ‘Straitéis Ceimiceán’), d’fhógair an Coimisiún go bhforbródh sé critéir ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ le haghaidh ceimiceán agus ábhar. Dreasóidh an Coimisiún Ballstáit, an earnáil tionsclaíochta agus páirtithe leasmhara eile freisin chun tosaíocht a thabhairt don nuálaíocht le hionadú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar shubstaintí arb údar mór inní iad<sup>5</sup> ar fud earnálacha, amhail teicstíilí, ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ábhair fhoirgníochta, soghluaisteacht ísealcharbóin, ceallraí nó foinsí fuinnimh inathnuaite, mar shampla.
- (5) Tá rún<sup>6</sup> glactha ag Parlaimint na hEorpa maidir leis an Straitéis Ceimiceán, ina leagtar béim ar an ngá le critéir ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ a fhorbairt chun cabhrú le truailliú a chosc agus a rialú, rianú ceimiceán guaiseach i dtáirgí a fheabhsú, agus a n- ionadú le roghanna malartacha níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a chur

---

<sup>1</sup> COM(2019)640 final

<sup>2</sup> COM/2021/390 final

<sup>3</sup> AE/2020/852

<sup>4</sup> COM(2020)667 final

<sup>5</sup> Mar a shainmhínítear sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht (COM(2020)667 final).

<sup>6</sup> Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Iúil 2020 maidir leis an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht (2020/2531(RSP)), [https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2020-0201\\_EN.pdf](https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2020-0201_EN.pdf)

chun cinn. I gconclúidí na Comhairle maidir leis an Straitéis Ceimiceán<sup>7</sup> an 15 Márta 2021 iarrtar freisin ar an gCoimisiún go bhforbrófaí go pras, i gcomhar leis na Ballstáit agus i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, sainmhíthe comhchuibhithe, soiléire agus beachta agus, i gcás inarb iomchuí, critéir nó prionsabail le haghaidh na gcoincheap atá ríthábhachtach chun an Straitéis Ceimiceán a chur chun feidhme go héifeachtach, amhail ceimiceáin ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’.

- (6) Luaitear sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach<sup>8</sup> go dtacóidh an Coimisiún le hionadú agus díothú substaintí guaiseacha trí thaighde agus nuálaíocht.
- (7) I bPlean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú<sup>9</sup> agus sa Togra le haghaidh Rialachán maidir le creat a bhunú chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos le haghaidh táirgí inbhuanaithe<sup>10</sup>, cuirtear i dtábhacht an gealltanais lena áirithiú go bhfuil ceimiceáin agus ábhair chomh sábháilte agus chomh inbhuanaithe agus is féidir trí dhearadh agus le linn a saolré, ionas go mbíonn timthriallta ábhair saor ó thocsaineach.
- (8) Is féidir teacht ar an gcéad tagairt earnáilsonrach don tsábháilteacht agus inbhuanaitheacht trí dhearadh i Straitéis an Aontais Eorpaigh um Theicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha<sup>11</sup>. Cuirtear i dtábhacht sa straitéis an tábhacht a bhaineann le critéir ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ a fhorbairt le haghaidh ceimiceán agus ábhar lena dtabharfar tacaíocht don earnáil tionsclaíochta chun substaintí ar údar mór inní iad i dtáirgí teicstíle a ionadú, nó murar féidir sin a dhéanamh, iad a íoslaghdú.
- (9) Tuigeann saoránaigh na hEorpa freisin gur gá gníomhú. Léirítear i suirbhé Eorabharaiméadair 2020<sup>12</sup> go bhfuil inní ar 84 % de mhuintir na hEorpa faoin tionchar a bhíonn ag ceimiceáin atá i ngnáth- tháirgí orthu, agus go bhfuil inní ar 90 % díobh maidir le tionchar na gceimiceán ar an gcomhshaol.
- (10) Rinneadh cúpla céad substaint a shainaithint mar shubstaintí ar an- údar inní iad faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán<sup>13</sup>, agus d’fhéadfadh go leor eile teacht faoi shainmhíniú na substaintí ar údar inní iad sa Togra le haghaidh Rialachán maidir le creat a bhunú chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos le haghaidh táirgí inbhuanaithe<sup>14</sup>.
- (11) Chun aistriú chuig ceimiceáin agus ábhair ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ éilítear comhthuiscint ar ghnéithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta

<sup>7</sup> Conclúidí na Comhairle 6941/21 an 15 Márta 2021, Sustainable Chemicals Strategy of the Union: Time to Deliver [Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht: Am i gcomhair Seachadta], <https://www.consilium.europa.eu/media/48827/st06941-en21.pdf>

<sup>8</sup> COM(2020)98 final

<sup>9</sup> COM(2021)400 final

<sup>10</sup> COM(2022)142 final

<sup>11</sup> COM(2022)141 final

<sup>12</sup> Suirbhé Eorabharaiméadair (2020) Attitudes of Europeans towards the Environment [Meonta mhuintir na hEorpa i leith an Chomhshaoil] – Mí an Mhárta 2020, <https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2257>

<sup>13</sup> <https://echa.europa.eu/candidate-list-table>

<sup>14</sup> COM(2022)142 final

ionas go n- éireoidh leis<sup>15</sup>. Is gá dá bhrí sin creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceán agus ábhar ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ a fhorbairt, ar creat é ar féidir leis a bheith ina chuidiú le sainmhíniú ar na critéir shábháilteachta agus inbhuanaitheachta, chun comhleanúnachas a ráthú idir gníomhairí, earnálacha agus slabhraí luacha.

- (12) Ba cheart go mbeifí in ann leis an gcreat beartaithe measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht ceimiceán agus ábhar ar feadh a saolré agus tacú le dearadh, forbairt, táirgeadh agus úsáid ceimiceán agus ábhar a sholáthraíonn feidhm nó seirbhís inmhianaithe fad is atá siad sábháilte agus inbhuanaithe. Le cur i bhfeidhm an chreata, beifear in ann sainmhíniú a thabhairt ar chritéir ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ ar cheart dóibh cuidiú chun ardchaighdeán a leagan amach le haghaidh shábháilteacht agus inbhuanaitheacht ceimiceán agus ábhar.
- (13) An t- athbhreithniú ar ghnéithe, modhanna, táscairí agus uirlisí sábháilteachta agus inbhuanaitheachta<sup>16</sup>, is é sin fréamh na hiarscríbhíne a ghabhann leis an Moladh seo, cé go dtagraítear ann do roinnt gnéithe inbhuanaitheachta socheacnamaíocha breise, díritear ann go príomha ar shábháilteacht cheimiceach agus ar inbhuanaitheacht comhshaoil. D’fhéadfadh gá a bheith le measúnuithe ar ghnéithe socheacnamaíocha, thar iad sin a breithníodh cheana, chun faisnéis bhreise a sholáthar agus cinntí níos eolasaí a chumasú, go háirithe i gcás ina bhfuil ionadú á chur chun cinn. Is féidir breithnithe den sórt sin a chur san áireamh agus an creat á chur i bhfeidhm, cibé uair is ábhartha.
- (14) Is é is aidhm don chreat beartaithe ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ a bheith ar thús cadhnaíochta taighde agus nuálaíochta, agus chun úsáid na faisnéise eolaíochta is déanaí a chur chun cinn chun na leibhéil is airde uailmhéine a chomhlíonadh maidir le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht sa nuálaíocht.
- (15) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gcreat a bheith ina thagairt dhomhanda don nuálaíocht in iarracht an t- aistriú tionsclaíoch glais a bhaint amach; chun táirgeadh agus úsáid substaintí ar údar inní iad a ionadú a mhéid agus is féidir; chun úsáid acmhainní agus bunábhar inbhuanaithe a chur chun cinn le haghaidh táirgeadh ceimiceán agus ábhar; chun an tionchar a bhaineann le táirgeadh agus úsáid ceimiceán agus ábhar a íoslághdú, ar feadh a saolré, ar an aeráid, ar an gcomhshaoil, agus ar shláinte an duine; agus chun infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta na hearnála tionsclaíochta agus na n- údarás poiblí a thiomáint sa treo ceart.
- (16) Moltar sa Mholadh seo creat Eorpach ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’, mar phointe tagartha do na Ballstáit, don earnáil tionsclaíochta, lucht acadúil, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta agus comhlachtaí a sholáthraíonn tagarmharcanna le haghaidh ceimiceán agus ábhair shábháilte agus inbhuanaithe.
- (17) Leagtar amach tréimhse tástála don chreat sa Mholadh seo le sásra tuairiscithe saorálach do Bhallstáit agus do pháirtithe leasmhara le linn na tréimhse tástála sin. Seolfar próiseas athbhreithnithe ar an gcreat ar siúl faoi dheireadh na tréimhse tástála

---

<sup>15</sup> An Coimisiún Eorpach 2021, Mapping study for the development of Sustainable by Design criteria [Staidéar mapála maidir le critéir Inbhuanaithe trí Dhearadh a fhorbairt], <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/f679c200-a314-11eb-9585-01aa75ed71a1/language-en>

<sup>16</sup> Caldeira, C., et al. Safe and Sustainable by Design chemicals and materials. [Ceimiceán agus ábhair atá Sábháilte agus Inbhuanaithe trí Dhearadh]. Review of safety and sustainability dimensions, aspects, methods, indicators, and tools, [Athbhreithniú ar thoisí, gnéithe, modhanna, táscairí, agus uirlisí sábháilteachta agus inbhuanaitheachta] EUR 30991 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022, ISBN 978-92-76-47560-6 (ar líne), doi:10.2760/879069 (ar líne), JRC127109. 2022

ar a dhéanaí. Bunaithe ar aiseolas a bailíodh le linn na tréimhse tástála, breithneoidh an Coimisiún gnéithe breise sábháilteachta agus comhshaoil a áireamh sa mheasúnú, chomh maith le gnéithe eacnamaíocha agus sóisialta mar ghné bhreise nuair is ábhartha.

- (18) Mar a cuireadh i bhfios sa Straitéis Ceimiceán, beidh ríthábhacht le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach níos mó chun ceimiceáin shábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar, agus le hinniúlacht níos mó don nuáil ó thionscal na gceimiceán, agus ionas go ndéanfar réitigh nua a fhorbairt agus go dtacófar leis na haistrithe glasa agus digiteacha araon. Ba cheart don fhís le haghaidh 2030 atá mar chúlra ag an Moladh seo a áirithiú dá bhrí sin go bhfuil tionscnaimh de chuid an Aontais, tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta amach anseo le haghaidh ceimiceáin agus ábhair shábháilte agus inbhuanaithe frémhaithe sa chreat beartaithe. Cuirfidh an Coimisiún an Moladh sin chun cinn i bhfóraim idirnáisiúnta.
- (19) Chun dreasachtaí a chur ar fáil chun an creat a thástáil agus, go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar shubstaintí ar údar inní iad, tacóidh an Coimisiún leis an tréimhse tástála. Déanfar é sin go háirithe trí ghníomhaíochtaí sa chlár réime Fís Eorpach maidir le forbairt ceimiceán agus ábhar ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dheardh’, agus chun modhanna tástála agus uirlisí measúnaithe a fhorbairt agus a fheabhsú chun na féidearthachtaí measúnaithe atá le fáil sa chreat a leathnú.
- (20) D’fhorbair an Coimisiún Plean Straitéiseach um Thaighde agus um Nuálaíocht freisin le haghaidh ceimiceáin agus ábhair shábháilte agus inbhuanaithe<sup>17</sup>, inar sainathnóidh príomhréimsí taighde agus nuálaíochta sa saolré (deardh, táirgeadh, úsáid agus diúscairt/athchúrsáil/feabhsúchán) ceimiceán agus ábhar chun an t-aistriú tionsclaíoch i dtreo ceimiceáin agus ábhair shábháilte agus inbhuanaithe a éascú agus tacú leis ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta.
- (21) Leanfaidh an Coimisiún, agus é feasach ar na sonraí is gá chun an creat beartaithe a chur chun feidhme, ag cur chun cinn sonraí in- aimsithe, inrochtana, idir- inoibritheacha agus in- athúsáidte (FAIR). Tá an Coimisiún freisin ag forbairt ardán sonraí comhchoiteann Aontais maidir le ceimiceáin<sup>18</sup> chun comhroinnt, rochtain agus athúsáid a éascú i dtaca leis na sonraí atá ann faoi láthair a úsáidtear i ngníomhartha dlí de chuid an Aontais a bhaineann le ceimiceáin.
- (22) Urramaítear sa Mholadh seo prionsabal na coimhdeachta mar a chomhlíonann an creat beartaithe ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dheardh’ riachtanais an Limistéir Eorpaigh Taighde agus an mhargaidh aonair le haghaidh ceimiceán agus ábhar, i gcás ina bhfuil gá le comhthuisct ar an leibhéal Eorpach ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht le haghaidh ceimiceán agus ábhar. Urramaítear ann freisin prionsabal na comhréireachta mar a chomhcheanglaíonn sé bunú an chreata laistigh de thréimhse tástála ar bhealach nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de, gan baint ó aon reachtaíocht atá ann faoi láthair nó reachtaíocht (de chuid an Aontais) sa todhchaí maidir le ceimiceáin agus ábhair.

---

<sup>17</sup> European Commission, Strategic Research and Innovation Plan for Safe and Sustainable Chemicals and Materials [Plean Straitéiseach Coimisiún Eorpaigh um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh Ceimiceáin agus Ábhair Shábháilte agus Inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, ISBN 978-92-76-49115-6, doi 10.2777/876851

<sup>18</sup> COM(2020)667 final

## TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

### 1. CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

- 1.1. Beartaítear sa Mholadh seo go mbunófaí creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo sonraí na tréimhse tástála agus an chreata, bunaithe ar thuarascálacha teicniúla ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin<sup>1920</sup>.
- 1.2. Cuimsítear leis an gcreat beartaithe modhanna chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta ceimiceán nó ábhar. Fágfaidh na torthaí a bhainfear amach ó chur i bhfeidhm an chreata, go mbeifear in ann sainmhíniú a thabhairt ar chritéir ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’, lena n-áirítear córais agus tairseacha scórála arna bhforbairt bunaithe ar na torthaí a fuarthas. Seolfar an próiseas maidir le sainmhíniú critéir i gcomhthráth leis an athbhreithnithiú ar an gcreat. Is é is cuspóir don Mholadh seo an tástáil ar an gcreat measúnaithe a sheoladh agus aiseolas a fháil le bheith in ann feabhas a chur ar ábharthacht, iontaofacht agus inoibritheacht.
- 1.3. Tá an Moladh seo dírithe ar Bhallstáit, an earnáil tionsclaíochta, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lucht acadúil agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta a rannchuidíonn le forbairt ceimiceán agus ábhar nó a oibríonn ar cheimiceáin agus ábhair. Iarrtar orthu an creat a úsáid ina gcláir agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann le ceimiceáin nó le hábhair. Spreagtar iad freisin le tagairt don chreat i ndoiciméid ábhartha beartais nó straitéise.
- 1.4. Ba cheart do Bhallstáit, don earnáil tionsclaíochta, lucht acadúil agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta a áirithiú freisin go dtagann na modhanna, múnlaí agus sonraí a tháirgtear agus a úsáidtear agus an creat á chur i bhfeidhm leis na treoirphrionsabail in- aimsithe, inrochtana, idir- inoibritheacha agus in- athúsáidte (FAIR).

### 2. ÚSÁIDÍ AG BALLSTÁIT

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- 2.1. An creat a chur chun cinn ina gcláir náisiúnta taighde agus nuálaíochta, ag tacú dá bhrí sin leis an tréimhse tástála le feidhmeanna agus cásanna a úsáid.
- 2.2. Infhaighteacht sonraí ardcháilíochta FAIR a mhéadú chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht ach an ghné seo a ionchorprú ina gcláir náisiúnta taighde agus nuálaíochta agus i mbeartais ghaolmhara nuair is ábhartha.

---

<sup>19</sup> Caldeira C., Farcas L., Moretti, C., et al. Safe and Sustainable by Design chemicals and materials. [Ceimiceáin agus ábhair atá Sábháilte agus Inbhuanaithe trí Dhearadh]. Review of safety and sustainability dimensions, aspects, methods, indicators, and tools, [Athbhreithniú ar thoisí, gnéithe, modhanna, táscairí, agus uirlisí sábháilteachta agus inbhuanaitheachta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022, ISBN 978-92-76-47560-6, doi:10.2760/879069

<sup>20</sup> Caldeira C., Farcas L., Garmendia, I., et al., Safe and sustainable by design chemicals and materials: Framework for the definition of safe and sustainable by design criteria for chemicals and materials, [Ceimiceáin agus ábhair atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh, Creat maidir le sainmhíniú ar chritéir atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh le haghaidh ceimiceán agus ábhar], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022, ISBN 978-92-76-53264-4, doi: 10.2760/487955

2.3. Tacú le feabhas a chur ar mhodhanna, múnlaí agus uirlisí measúnaithe, agus cinn nua a chur ar fáil, lena gcomhtháthú sa chreat chun feabhas a chur ar an measúnú ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht.

2.4. Tacú le forbairt curaclam oideachais lena áirithiú go múintear na scileanna is gá chun an creat a chur chun feidhme.

### 3. ÚSÁIDÍ AG AN EARNÁIL TIONSCLAÍOCHTA, LUCHT ACADÚIL agus EAGRAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA:

Spreagtar an earnáil tionsclaíochta (lena n-áirítear FBManna), lucht acadúil agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

3.1. An creat a úsáid ina bpróisis taighde agus nuálaíochta chun ceimiceáin nó ábhair a fhorbairt, dá bhrí sin ag tacú leis an tréimhse tástála.

3.2. Sonraí FAIR ardcháilíochta a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht, gan cearta maoine intleachtúla a shárú agus, más ábhartha, breithnithe slándála.

3.3. Tacú le forbairt agus cur ar fáil modhanna, múnlaí agus uirlisí nua measúnaithe ar féidir iad a chomhtháthú sa chreat chun feabhas a chur ar an measúnú ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht.

3.4. Tacú le forbairt na hoiliúna gairmiúla agus na gcuraclam oideachais lena áirithiú go múintear na scileanna is gá chun an creat a chur chun feidhme.

### 4. TUAIRISCIÚ MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN MHOLTA:

4.1. Spreagtar Ballstáit, an earnáil tionsclaíochta, lucht acadúil agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta chun tuairiscíú don Choimisiún maidir le cur chun feidhme an Mholta seo le linn na tréimhse tástála.

4.2. Chun a dtuairiscíú a éascú, cuirfidh an Coimisiún teimpléad tuairiscithe ar fáil. Ba cheart an méid seo a leanas a áireamh leis an bhfaisnéis a chuirfear isteach.

- An chaoi a úsáideann Ballstáit, an earnáil tionsclaíochta, ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta an creat ina geláir taighde agus nuálaíochta, i ngníomhaíochtaí agus in áiteanna eile.
- Tionscnaimh agus cásanna úsáide chun an creat a thástáil.
- Tionscnaimh chun modhanna, múnlaí agus uirlisí nua a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht agus an chaoi ar féidir a dtorthaí a rochtain agus a úsáid.
- Tionscnaimh chun ceimiceáin agus ábhair ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ a fhorbairt.
- Tuarascálacha measúnaithe ina gcuirtear i láthair na torthaí a fhaightear ó thástáil an chreata.
- Fadhbanna agus baic arna sainaithint le húsáid an chreata

- Faisnéis maidir le córais agus tairseacha scórála a bhunú ar féidir leo tacú le critéir ‘atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh’ a leagan síos i gcreat athbhreithnithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.12.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*Mariya GABRIEL*  
*Comhalta den Chomisiún*

